# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Teastas Sóisearach 2013

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Staidéar Gnó

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2013

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

**Réitigh Mholta agus Scéim Mharcála**

## ROINN A

**(80 marc)**

**Freagair an 20 ceist ar fad.  Tá 4 mharc ag gabháil le gach ceist.**

**1.**

Íoc mar a Thuillir
Muirear Sóisialta Uilíoch
Árachas Sóisialta (Sóisialach) Pá-Choibhneasa

**2.**

**IONCAM CAIPITIÚIL**: Deontais an AE / Díol cuideachta leathstáit / iasacht
**CAITEACHAS CAIPITIÚIL**: Scoileanna / ospidéal / bonneagar.

**3.**

(i) Maoinithe ag
(ii) €300,000
(iii) Caipiteal in Úsáid

**4.**

| **Freagra** | **Obair** |
|---|---|
| 20 uair | Meánstoc = 30,000 + 15,000/2 = €22,500<br><br>$\frac{450,000}{22,500} = 20$ |

**5.**

(i) Le feiceáil an ndéanann an fheirm brabús nó caillteanas.
(ii) Le heolas a fháil ar an méid a fhaightear agus a chaitear i rith na bliana.
(iii) Lena ndliteanas cánach a ríomh.
(iv) Le hiarratas a dhéanamh ar dheontais
(v) Le hiarratas a dhéanamh ar iasachtaí.
(vi) Buiséadú / cinnteoireacht / pleanáil / comparáid a dhéanamh.
(vii) Le heolas a fháil ar an méid is fiú an fheirm.

**6.**

(i) Airgead tirim / Banc
(ii) Díolacháin
(iii) Díolacháin
(iv) Airgead tirim / Banc

**7.**

| Dr | Cuntas Rialúcháin Creidiúnaithe | | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| | **Airgead tirim / Banc** | **11,900** | **1/s5/2013** | **Iarmhéid t/a** | **4,400** |
| | **Iarmhéid t/s** | **1,800** | | **Ceannacháin** | **9,300** |
| | | 13,700 | | | 13,700 |
| | | | **1/6/2013** | **Iarmhéid t/a** | 1,800 |

**NÓ (Formáid Mhalartach)**

| Cuntas Rialúcháin Creidiúnaithe | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Dr | Sr | Iarmhéid |
| | | € | € | € |
| **1/5/2013** | **Iarmhéid** | | | **4,400** |
| | **Ceannacháin** | | **9,300** | 13,700 |
| | **Airgead tirim** | **11,900** | | **1,800** |
| | | | | |

**8.**

(i) Idirlíon / Taighde / Oideachas / Siopadóireacht / Baincéireacht.
(ii) Cumarsáid / Ríomhphost / Skype / FaceBook / Twitter / Litreacha agus Tuairiscí / Próiseáil focal.
(iii) Comhdú / Bunachar Sonraí / Cuntais / Scarbhileoga / Buiséadú.
(iv) Siamsaíocht / Ceol / Scannáin / Teilifís / Cluichí / Grianghraif / Grafaicí.
(v) Fearais Chistine / Téamh Lárnach / Córais Slándála.

**9.**

| | **Ráiteas Oibriúcháin** | **Clár Comhardaithe** |
|---|---|---|
| Trealamh | | ✓ |
| Ioncam ó Othair | ✓ | |
| Stoc d’Ábhair Fiaclóireachta 31/12/2012 | ✓ | ✓ |

**10.**

(i) Praghas: Tá sé neamhdhleathach praghas bréagach a thabhairt le haghaidh táirge nó seirbhíse.

(ii) Cur síos: Ní mór d'fhógraí gan a bheith bréagach ná éilimh mhíthreoracha a dhéanamh maidir le táirge nó seirbhís e.g. láthair, fad, uaireanta oscailte.

**11.**

| **Ó Cuimín Tta – Leabhar Cúnta Ginearálta** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | F | Dr | Sr |
| | Banc | $LA_1$ | 5,900 | |
| | Foirgnimh | $MLG_1$ | **520,500** | |
| | Creidiúnaithe | $MLC_1$ | | **12,800** |
| | Gnáth-scairchaipiteal | $MLG_2$ | | **513,600** |
| | *Sócmhainní, Fiachais agus Scairchaipiteal Uí Chuimín Tta ar an dáta seo.* | | **526,400** | **526,400** |

**12.**

Scairshealbhóirí
Stiúrthóir Bainistíochta
An Roinn Airgeadais / Acmhainní Daonna / T&F / TF / Ceannach / Margaíocht / Dáileadh.

**13.**

| | € |
|---|---|
| Iomlán (gan CBL san áireamh) | 900.00 |
| Lascaine Thrádála **15%** | **135.00** |
| Fo-iomlán | **765.00** |
| CBL **23%** | **175.95** |
| Iomlán (CBL san áireamh) | **940.95** |

**14.**

(i) Steirling
(ii) Yen
(iii) Dollar

**15.** (i)

| | |
|---|---|
| **Freagra = 3%** | **Obair**<br>$\frac{255}{8,500} \times \frac{100}{1} = 3\%$ |

(ii) Praghsinnéacs tomhaltóirí

**16.**

(i) Sútha Talún
Éadaí Dearthóra
Torthaí Mhargadh na Tuaithe
Ríomhairí
Comhairle airgeadais
Gruagaireacht

(ii) Faigheann an tomhaltóir na hearraí ar phraghas níos saoire.
Faigheann an tomhaltóir earraí/seirbhís atá deartha lena riachtanas a chomhlíonadh
Laghdaíonn an déantóir costais iompair, mhargaíochta agus dáilte.
D'fhéadfadh an déantóir a bheith ábalta praghas níos mó a ghearradh.

**17.**

B D A

**18.**

| **Ó Díoman Tta – Leabhar Aischur Amach** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Dáta | Dáta | Dáta | Dáta | Dáta | Dáta |
| **9/5/2013** | **Park Ltd** | **10** | MLC 1 | 12,500 | 2,875 | **15,375** |

**19.**

(i) €16,000
(ii) Tuilleamh Coinnithe / Brabús Coinnithe / Cúlchiste Ioncaim / Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais
(iii) €74,000

**20.**

(i) Ó bhéal (ii) Físeach (iii) Scríofa

**Ceist 1: Buiséad Teaghlaigh**

**1. (A) Ráiteas Comparáide Buiséid le haghaidh theaghlach Uí Fheinneadha don bhliain 2012**

| IONCAM | **Buiséad Ean – Noll €** | **Iarbhír €** | **Difríocht €** |
|---|---|---|---|
| Tuarastail | 42,500 | **39,525** | **- 2975** |
| Sochar leanaí | 3,360 | **3,108** | **-252** |
| Ús | 200 | **194** | **-6** |
| Eile | | **1,000** | **+ 1,000** |
| **IONCAM IOMLÁN** | 46,060 | **43,827** | **- 2,233** |
| CAITEACHAS | | | |
| *Seasta* | | | |
| Morgáiste | 12,600 | **13,425** | **+ 825** |
| Árachas gluaisteáin | 430 | **400** | **-30** |
| Árachas tí | 640 | **736** | **+96** |
| Fo-iomlán | 13,670 | **14,561** | **+ 891** |
| *Neamhrialta* | | | |
| Costais teaghlaigh | 7,200 | **7,740** | **+ 540** |
| Costais ghluaisteáin | 1,800 | **2,016** | **+ 216** |
| Costais éadaí agus bróg | 2,050 | **2,050** | **0** |
| Costais solais agus teasa | 3,400 | **3,544** | **+ 144** |
| Árachas sláinte | 2,300 | **2,185** | **- 115** |
| Fo-iomlán | 16,750 | **17,535** | **+ 785** |
| *Roghnach* | | | |
| Costais siamsaíochta | 2,400 | **1,900** | **-500** |
| Bronntanais | 600 | **1,000** | **+ 400** |
| Laethanta saoire | 4,300 | **4,042** | **-258** |
| Fo-iomlán | 7,300 | **6,942** | **-358** |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | 37,720 | **39,038** | **+ 1,318** |
| Airgead Tirim Glan | 8,340 | **4,789** | **-3,551** |
| Airgead Tirim Tosaigh | 1,200 | **1,200** | |
| Airgead Tirim Deiridh | 9,540 | **5,989** | |

**Iomlán: 22 marc**

**Nóta**
Ní thugtar aon mharcanna as an Ioncam Iomlán, as Fo-iomlán Caiteachais Sheasta, Neamhrialta agus Roghnaigh.
½ mharc as gach ceann de na figiúirí seo a leanas má tá siad ceart.
8 bhfigiúr Ioncaim, 6 fhigiúr Caiteachais Sheasta, 10 bhfigiúr Caiteachais Neamhrialta, 6 fhigiúr Caiteachais Roghnaigh.
2 mharc as gach figiúr in Airgead Tirim Glan nach mór a bheith ceart.
1 mharc as Airgead Tirim Tosaigh ceart.
2 mharc as Airgead Tirim Deiridh mar atá sa réiteach.
Sa cholún difríochta, ní mór na figiúirí diúltacha a léiriú idir lúibíní ( ) nó le comhartha lúide.

**(B)**

(i) €9,540 **(2)**
(ii) €8,340 **(2)**
(iii) €1,318 / glac le figiúr an iarrthóra féin. **(2)**
(iv) €5,989 / glac le figiúr an iarrthóra féin. **(2)**
(v) **(2)**

- D'fhéadfaí gur tháinig méadú ar a mbónas cheal éilimh.
- Fuair an tiománaí sealadach láncheadúnas.
- Laghdaigh siad luach a ngluaisteáin nó fuair siad gluaisteán níos lú.
- Fuair siad praghas níos fearr ó ghnólacht árachais iomaíoch.
- Baineadh pointí pionóis as ceadúnas.
- Laghdaíodh leibhéal an chlúdaigh.

**(C)** (i) **(2 × 3)**

- Íocaíocht "úis amháin" ar a morgáiste a idirbheartú.
- "Géarshiopadóireacht" a dhéanamh chun costais árachais tí / teaghlaigh / solais agus teasa / ghluaisteáin a laghdú
- Caiteachas ar laethanta saoire / bhronntanais / shiamsaíocht (sampla de chaiteachas roghnach) a laghdú
- An t-airgead tirim deiridh a infheistiú.

(ii) Cáin Choinneála ar Ús Taisce (D I R T) **(2)**

**Ceist 2: Cuntas Club**
**(A)** (i)

| Club Dornálaíochta na Carraige<br>Cuntas Trádála Siopa don bhliain dar chríoch 31/12/2012 | | | |
|---|---|---|---|
| Díolacháin | | | 4,750 |
| Stoc 01/01/2012 | | 1,300 | |
| Móide Ceannacháin | | 2,900 | |
| | | 4,200 | |
| Lúide Stoc 31/12/2012 | | 900 | 3,300 |
| Brabús an tSiopa | | | 1,450 |

**(A)** (ii)

| Club Dornálaíochta na Carraige<br>Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch 31/12/2012 | | | |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Brabús an tSiopa | | | 1,450 |
| Ioncam ón Tarraingt Téide | | 3,670 | |
| Lúide Caiteachas ar an Tarraingt Téide | | 1,590 | 2,080 |
| Urraíocht Bhliantúil | | | 5,200 |
| Ioncam ó Lató an Chlub | | 5,900 | |
| Lúide Caiteachas ar Lató an Chlub | | 4,830 | 1,070 |
| Síntiúis | | 7,960 | |
| Lúide Síntiúis réamhíoctha | | 140 | 7,820 |
| | | | 17,620 |
| **Lúide Caiteachas** | | | |
| Deisiúcháin ar Dhaingneáin | | 920 | |
| Trealamh le Dímheas | | 1,260 | |
| Árachas | 6,720 | | |
| Lúide Árachas réamhíoctha | 840 | 5,880 | |
| Solas agus Teas | 3,625 | | |
| Móide Solas agus Teas dlite | 325 | 3,950 | |
| Ilchostais | | 5,320 | 17,330 |
| **Farasbarr/Barrachas** Ioncaim thar Chaiteachas | | | 290 |

**[34 marc]**

**(B)** (i) Ullmhaíonn Cisteoir an Chlub an tuairisc. **(3)**

(ii) D’fhéadfadh an club iarratas a dhéanamh ar dheontas nach gá a aisíoc. D’fhéadfaí é sin a fháil ón gComhairle Spóirt nó ón gCrannchur Náisiúnta.

D’fhéadfadh an club iarratas a dhéanamh ar iasacht phobail mheántéarmach nó fhadtéarmach ón gComhar Creidmheasa áitiúil nó ó institiúid airgeadais a d’fhéadfaí a aisíoc le hús/d’fhéadfadh urrús comhthaobhach a bheith ag teastáil.

D’fhéadfadh an club urraíocht a iarraidh ó ghnóthas áitiúil nó ó dhéirceach áitiúil chun costas na seomraí gléasta a chlúdach. **(1 + 2)**

**[6 mharc]**
**Iomlán: 40 marc**

**Cuntas Trádála:**

| | | |
|---|---|---|
| Teideal agus Dáta | = | **2 mharc** |
| 6 fhigiúr @ 1 mharc an ceann | = | **6 mharc** |

**Cuntas Ioncaim agus Caiteachais:**

| | | |
|---|---|---|
| Teideal agus Dáta | = | **2 mharc** |
| Ceannteideal an Ioncaim | = | **1 mharc** |
| 11 fhigiúr @ 1 mharc an ceann | = | **11 mharc** |
| Ceannteideal an Chaiteachais | = | **1 mharc** |
| 9 bhfigiúr @ 1 mharc an ceann | = | **9 marc** |
| 1 fhigiúr as barrachas | = | **1 mharc** |
| An focal 'Barrachas/Farasbarr' | = | **1 mharc** |
| **Iomlán** | = | **26 marc** |

**Ceist 3: Tosca Táirgeachta, Caiteachas Náisiúnta agus Feasacht Eacnamaíochta**

(A) (i) Is é is **talamh** ann aon cheo a soláthraíonn an nádúr a úsáidtear i dtáirgeadh earraí agus seirbhísí. Is é **cíos** an luach saothair.


(ii) Is é is **saothar** ann gach iarracht dhaonna a úsáidtear i dtáirgeadh earraí agus seirbhísí. Is é **pá** an luach saothair.

(iii) Is é is **caipiteal** ann aon rud de dhéantús an duine a úsáidtear i dtáirgeadh earraí agus seirbhísí. Is é **ús** an luach saothair.

(iv) Is é **fiontraíocht** an toisc táirgeachta **a chomhcheanglaíonn na tosca eile go léir**, a théann sa seans agus a bhunaíonn gnóthas. Is é **brabús** an luach saothair.

**12 mharc**

**(B)** (i)




Teideal agus 2 ais **3 @ 1 mharc an ceann** = **3 mharc**
Lipéadaithe **5 @ 1 mharc an ceann** = **5 mharc**
Barraí cearta **5 @ 1 mharc an ceann** = **5 mharc**

**(13 mharc)**

**(B)** (ii) Ciallaíonn **Acmhainní Teoranta** nach bhfuil go leor acmhainní ar fáil chun tabhairt faoi gach ní nach mór a dhéanamh. **(3)**

Mar thoradh ar acmhainní teoranta, ní mór roghanna a dhéanamh. Tagraíonn **Deischostas** do roghanna a cailleadh mar thoradh ar chinneadh a rinneadh. **(3)**

(iii) Tarlaíonn **Easnamh sa Bhuiséad** sa chás go sáraíonn caiteachas reatha rialtais ioncam reatha rialtais. **(3)**

(iv) Beidh ar an rialtas

- caiteachas reatha a laghdú, e.g. bille pá na hearnála poiblí
- ioncam reatha a mhéadú trí chánachas méadaithe, e.g. cáin réadmhaoine.
- comhcheangal idir an dá cheann díobh trí ioncam reatha a mhéadú beagáinín agus trí chaiteachas reatha a laghdú beagáinín. **(2 × 3)**

**(15 mharc)**

**[28 marc]**

**Iomlán: 40 marc**

**Ceist 4: Árachas**

**(A)** (i)

| **Árachas Mhic an Bhaird – Foirm Éilimh** | |
|---|---|
| Ainm | **Seán Mac an Iarla (½)** |
| Seoladh | **An Ché, An Daingean, Co. Chiarraí (½)** |
| Uimhir Pholasaí | **525921RD (½)** |
| Slí Bheatha | **Mac Léinn (½)** |

| **Sonraí Caillteanais/Damáiste** | |
|---|---|
| Dáta | **1 Bealtaine 2013 (½)** |
| Láthair | **Trá Lí, Co. Chiarraí (½)** |

| Sonraí earraí caillte/damáistithe | Luach (€) | Dáta a Ceannaíodh |
|---|---|---|
| **iPad le Wi-Fi agus Ceallach (½)** | **€569 (½)** | **25 Aibreán 2013 (½)** |
| | | |
| | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ar tuairiscíodh an caillteanas/damáiste don Gharda Síochána? *(Cuir tic(✓) le Tuairiscíodh nó Níor Tuairiscíodh.)* | Tuairiscíodh | ✓ | Níor Tuairiscíodh | **(½)** |

| | | |
|---|---|---|
| Má 'Tuairiscíodh', comhlánaigh an roinn seo, le do thoil: ⇨ | Dáta tuairiscithe | **1 Bealtaine 2013 (1)** |
| | Stáisiún Gardaí | **Trá Lí (1)** |
| | An Garda a ghlac na sonraí | **Garda Sinéad Ní Fhoghlú (1)** |

| | |
|---|---|
| Sínithe | **Seán Mac an Iarla (1)** |
| Dáta | **8 Bealtaine 2013 (1)** |

A (i) **Foirm:** 10 mír @ ½ mharc an ceann = **5 mharc**
5 mhír @ 1 mharc an ceann = **5 mharc**
= **10 marc**

(ii) **Cúiteamh:** €569 nó iPad nua. **(3)**

(iii) **Slánaíocht -** Ní féidir le Seán brabús a dhéanamh as an árachas. Ní féidir leis cúiteamh a fháil atá níos mó ná luach an iPad - €569. **(5)**

(iv) **Meon Lánmhaith -** Bhí oibleagáid ar Sheán an fhírinne a insint agus a fhoirm thogra le haghaidh árachais á líonadh isteach aige agus gach fíric ábhartha a thabhairt.
**Leas Inárachais** - Ba cheart do Sheán a bheith mar úinéir an iPad d'fhonn é a árachú. Bhí caillteanas airgeadais aige mar gur goideadh an iPad. Is é úinéir na maoine amháin a fhéadann árachas a ghlacadh. **(5)**

**[23 marc]**

**(B)**

(i) I gcás Dhiolúin, **tá ceadúnas sealadach aige agus tá sé 22 bliain d'aois.** **(2 × 3)**

(ii) Soláthraíonn árachas **tríú páirtí** cúiteamh do dhaoine eile a ghortaítear i gcarr Dhiolúin nó le carr Dhiolúin. Clúdaíonn sé damáiste a dhéanann carr Dhiolúin do mhaoin freisin. **Níl a charr féin clúdaithe.**

Soláthraíonn árachas **cuimsitheach** cúiteamh dóibh siúd go léir a ghortaítear le carr Dhiolúin, d'aon mhaoin a ndéantar damáiste di **leis an gcarr agus do dhamáiste a dhéantar do charr Dhiolan freisin** **(8)**

(iii) Ríomhann **Achtúire** an phréimh. **(3)**

**[17 marc]**
**Iomlán: 40 marc**

**Ceist 5: Iasachtaíocht**

**(A)**

An tSráid Mhór
Maothail
Co. Liatroma

11 Meitheamh 2013

An tUas. Niall Ó Dálaigh
An Trá
Bun Cranncha
Co. Dhún na nGall

Maidir le: Fruilcheannach in aghaidh Iasachta

A Néill, a chara,

Táim ag scríobh chugat chun an difríocht idir fruilcheannach agus iasacht mar mhodhanna airgeadais a mhíniú.

I bhFruilcheannach, íoctar éarlais agus íoctar an t-iarmhéid ina thráthchodanna. Faightear úinéireacht tar éis an tráthchuid deiridh a íoc. Is iad do chearta faoi Fhruilcheannach:

- cóip den chomhaontú Fruilcheannaigh a fháil lena léirítear an praghas ar airgead síos, an praghas fruilcheannaigh agus an Ráta Céatadánach Bliantúil (APR) / líon na dtráthchodanna / méid gach tráthchoda / an tréimhse shuaimhnithe.
- na hearraí a chur ar ais chuig an gcuideachta fruilcheannaigh murar féidir na tráthchodanna a íoc
- más rud é go n-íoctar níos mó ná trian amháin den phraghas fruilcheannaigh, ní ceadmhach don chuideachta fruilcheannaigh na hearraí a aisghabháil mura bhfaigheann sí cead ón gcúirt.

Tá iasacht ina foinse airgeadais ó institiúid airgeadais atá in-aisíoctha le hús thar thréimhse chomhaontaithe ama. D’fhéadfadh urrús comhthaobhach nó urrús a bheith ag teastáil. Is féidir leat an scútar a cheannach láithreach agus beidh úinéireacht iomlán agat. Is iad do chearta mar iasachtaí:

- eolas a bheith agat ar an Ráta Céatadánach Bliantúil (APR)
- eolas a bheith agat ar líon na n-aisíocaíochtaí
- eolas a bheith agat ar mhéid gach aisíocaíochta
- eolas a bheith agat ar an bpraghas ar airgead síos
- eolas a bheith agat ar chostas iomlán an chreidmheasa.
- tréimhse shuaimhnithe chun athrú intinne a cheadú.

Má bhíonn aon cheisteanna agat, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh liom.

Is mise le meas

Éanna de Paor

**Litir**

| | | |
|---|---|---|
| Leagan amach: 9 @ 1 mharc | = | **9 marc** |
| 2 Mhíniú @ (3) mharc an ceann | = | **6 mharc** |
| Cearta: 2 cheann @ 2 mharc | = | **4 mharc** |
| Gaeilge | = | **3 mharc** |

**[22 marc]**

[Cuimsíonn Gaeilge poncaíocht, paragraif agus néatacht.]

**(B)** (i)

**Rogha 1 (1)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Fruilcheannach | Éarlais | **€350** | **1 mharc** |
| | **30** Tráthchuid @ €**210** an ceann | **€6,300** | **3 mharc** |
| | Iomlán | **€6,650** | **1 mharc** |
| | | | **(6 mharc)** |

**Rogha 2 (1)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Iasacht | | | |
| | €4,500 @ 10.5% | **€472.50** | **1 mharc** |
| | €3,000 @ 10.5% | **€315.00** | **1 mharc** |
| | €1,500 @ 10.5% | **€157.00** | **1 mharc** |
| | | **€945.00** | **1 mharc** |
| | 3 × €1,500 | **€4,500.00** | **1 mharc** |
| | **Iomlán** | **€5,445.00** | **1 mharc** |

**7 marc**

(ii) **Rogha:** Mholfainn an iasacht **1 mharc**

**Dhá chúis:** (2 cheann @ 2 mharc an ceann) = **4 mharc**

1. Tá sí níos saoire.
2. Beidh úinéireacht aige láithreach.

**5 mharc**
**[18 marc]**

**Iomlán: 40 marc**

**Ceist 6: Pá agus Daoine ag Obair**

(A) (i) Laghdaíonn creidmheas cánach an méid cánach atá iníoctha ag cáiníocóir. **(3)**

(ii)

**Obair**

| **Ollphá** | **ÍMAT** |
|---|---|
| $\frac{702}{13}$ = €18 san uair<br><br>Bunphá €702<br>**Ragobair**<br>5 × 1.5 × €18 = €135<br>1 × 2 × €18 = €36<br>€171<br>€873 | 873 × 41/% = €357.93<br>lúide creidmheas cánach €120.00<br>€237.93 |
| **Creidmheas Cánach** | **Eile** |
| $\frac{€6{,}240}{52}$ = €120 | ÁSPC/MSU<br>€873 × 10.5% = €91.67 |

| **Duillín Pá** | | | |
|---|---|---|---|
| Ainm: **Pádraigín Ní Chatháin** | | | **(1)** |
| Uimh. Seachtaine: **26** | | | **(1)** |
| | | | |
| Bunphá | €702 | | **(1)** |
| Ragobair | €171 | | **(4)** |
| **Ollphá** | → | €873.00 | **(2)** |
| Creidmheas Cánach | €120 | | **(3)** |
| **Asbhaintí** | | | |
| ÍMAT | €237.93 | | **(5)** |
| ÁSPC/MSU | €91.67 | | **(2)** |
| Árachas Sláinte | €24.00 | | **(1)** |
| Coigilteas | €50.00 | | **(1)** |
| **Asbhaintí Iomlána** | → | €403.60 | **(1)** |
| **Glanphá** | → | €469.40 | **(1)** |

**22 marc**

(iii) **Ioncam sa Bhreis:** Ragobair = **1 mharc**

**Asbhaintí Neamh-reachtúla:**

Coigilteas, Árachas Sláinte 2 cheann @ 1 mharc = **2 mharc**

**[28 marc]**

(B) (i) Is **obair** í seo mar nach bhfuil **aon íocaíocht** i gceist léi. Ní fhaigheann Pádraigín aon íocaíocht as a hobair le Focus Ireland. **(2 × 3)**

**6 mharc**

(ii)

- Thabharfadh sí scileanna obair bhuíne léi mar go n-oibríonn sí le daoine eile in Café Lani.
- Thabharfadh sí a scileanna lónadóireachta chuig an gcarthanas léi maidir le cabhrú le béilí a ullmhú do dhaoine gan dídean.
- Mar chócaire, tá scileanna eagrúcháin aici i gcistin a reáchtáil ar bhealach éifeachtúil. D'fhéadfaí na scileanna seo a úsáid ar son Focus Ireland.
- Bheadh scileanna maithe sóisialta agus cumarsáide aici le hidirghníomhú a dhéanamh leis an gcliantacht.

**Cur síos ar 2 scil @ 3 mharc an ceann**

**[12 mharc]**

**Iomlán: 40 marc**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2013

## STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR II

**Réitigh Mholta agus Scéim Mharcála**

**Ceist 1: Leabhar Túsiontrála,** Mórleabhar agus Comhardú Trialach OXO Tta

**(A - B)**

**Leabhar na nDíolachán ag OXO Tta (4)**

| **Dáta 2013** | **Sonraí** | **Uimh. Sonraisc** | **F** | **GLANMHÉID €** | **CBL €** | **Iomlán €** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1/5 | KP Tta | 11 | MLF | 26,000 | 5,980 | 31,980 |
| 7/5 | SLD Tta | 12 | MLF | 14,000 | 3,220 | 17,220 |
| | | | | 40,000 | 9,200 | 49,200 |
| | | | | **MLG** | **MLG** | |
| | | *1* | | *1 (½+½)* | *1 (½+½)* | *1 (½+½)* |

**Leabhar na nAischur Isteach ag OXO Tta (2½)**

| **Dáta 2013** | **Sonraí** | **Uimh. Nóta Creidmheasa** | **F** | **GLANMHÉID €** | **CBL €** | **Iomlán €** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 18/5 | KP Tta | 3 | MLF | 11,600 | 2,668 | 14,268 |
| | | *1* | | *½* | *½* | *½* |

**Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim OXO Tta - Taobh an Dochair (4½)**

| **Dáta 2013** | **Sonraí** | **Uimh. Admhála** *(1m)* | **F** | **Banc €** | **Díolacháin €** | **CBL €** | **Scair-chaipiteal €** | **Féichiúnaí €** | **Marc** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 4/5 | Scairchaipiteal | 1 | MLG | 60,000 | | | 60,000 | | *1 (½+½)* |
| 26/5 | Díolacháin | | MLG | 34,440 | 28,000 | 6,440 | | | *1½ (½+½+½)* |
| 31/5 | SLD Tta | 2 | MLF | 10,000 | | | | 10,000 | *1 (½+½)* |
| | | | | 104,440 | 28,000 | 6,440 | 60,000 | 10,000 | |
| 1/6 | Iarmhéid t/a | | | 67,720 | | | | | |

**Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim OXO Tta - Taobh an Chreidmheasa (4½)**

| **Dáta 2013** | **Sonraí** | **Uimh. Seic (1m)** | **F** | **Banc €** | **Ceannacháin €** | **CBL €** | **Pá €** | **Marc** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **11/5** | Ceannacháin | 1 | MLG | 29,520 | 24,000 | 5,520 | | *1½ (½+½+½)* |
| **17/5** | Pá | 2 | MLG | 7,200 | | | 7,200 | *1 (½+½)* |
| **31/5** | Iarmhéid t/s | | | 36,720<br>67,720 | 24,000 | 5,520 | 7,200 | |
| | | | | | | | | *1* |
| | | | | 104,440 | | | | |

**Ceist 1:** Leabhar Túsiontrála, **Mórleabhar** agus Comhardú Trialach OXO Tta ar lean.
**(A - C)**

| Dáta 2013 | Sonraí | F | Iomlán € | Dáta 2013 | Sonraí | F | Iomlán € | Marc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **MÓRLEABHAR GINEARÁLTA OXO Tta** | | | | | | | | |
| **Cuntas Gnáth-Scairchaipitil** | | | | | | | | |
| | | | | 4/5 | Banc | LAM | 60,000 | *1* |
| | | | | | | | | |
| **Cuntas Ceannachán** | | | | | | | | |
| 31/5 | Banc | LAM | 24,000 | | | | | *1* |
| | | | | | | | | |
| **Cuntas Díolachán** | | | | | | | | |
| | | | | 31/5 | Glanfhéichiúnaithe Iomlána | LD | 40,000 | *1* |
| | | | | 31/5 | Banc | LAM | 28,000 | *1* |
| | | | | | | | 68,000 | |
| | | | | | | | | |
| **Cuntas na nAischur Isteach** | | | | | | | | |
| 31/5 | Glanfhéichiúnaithe Iomlána | LLAI | 11,600 | | | | | *1* |
| | | | | | | | | |
| **Cuntas CBL** | | | | | | | | |
| 31/5 | Ceannacháin Airgid Thirim | LAM | 5,520 | 31/5 | Díolacháin ar chreidmheas | LD | 9,200 | *1+1* |
| 31/5 | Aischur Díolachán | LLAI | 2,668 | 31/5 | Díolacháin ar airgead | LAM | 6,440 | *1+1* |
| 31/5 | Iarmhéid t/s | | 7,452 | | | | | *1* |
| | | | 15,640 | | | | 15,640 | |
| | | | | 1/6 | Iarmhéid t/a | | 7,452 | |
| | | | | | | | | |
| **Cuntas Pá** | | | | | | | | |
| 17/5 | Banc | LAM | 7,200 | | | | | *1* |
| | | | | | | | | |
| MÓRLEABHAR FÉICHIÚNAITHE OXO Tta | | | | | | | | |
| **Cuntas KP Tta** | | | | | | | | |
| 1/5 | Díolacháin | LD | 31,980 | 18/5 | Aischuir díolachán | LLAI | 14,268 | *1+1* |
| | | | | 31/5 | Iarmhéid t/s | | 17,712 | *1* |
| | | | 31,980 | | | | 31,980 | |
| 1/6 | Iarmhéid t/a | | 17,712 | | | | | |
| | | | | | | | | |
| **Cuntas SLD Tta** | | | | | | | | |
| 7/5 | Díolacháin | LD | 17,220 | 31/5 | Banc | LAM | 10,000 | *1+1* |
| | | | | 31/5 | Iarmhéid t/s | | 7,220 | *1* |
| | | | 17,220 | | | | 17,220 | |
| 1/6 | Iarmhéid t/a | | 7,220 | | | | | |
| | | | | | | | **Marcanna Iomlána** | **17** |

**(C)** Leabhar Túsiontrála, Mórleabhar agus **Comhardú Trialach** OXO Tta ar lean.

**Comhardú Trialach OXO Tta ar an 31/5/2013**

| | **DOCHAR €** | **SOCHAR €** | **Marc** *(4½)* |
|---|---|---|---|
| Banc | 67,720 | | ½ |
| Ceannacháin | 24,000 | | ½ |
| Pá | 7,200 | | ½ |
| KP Tta | 17,712 | | ½ |
| SLD Tta | 7,220 | | ½ |
| Aischur Díolachán | 11,600 | | ½ |
| Scairchaipiteal | | 60,000 | ½ |
| Díolacháin | | 68,000 | ½ |
| CBL | | 7,452 | ½ |
| | 135,452 | 135,452 | |

**Achoimre ar Mharcanna**

| **Mórleabhar** | **Leabhar na nDíolachán** | **Leabhar na nAischur Díolachán** | **Leabhar Airgid Miondealaithe** | **Comhardú Trialach** | **Dátaí** | **Fóiliónna** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 17 | 4 | 2½ | 9 | 4½ | 2 | 1 | 40 |

**Ceist 2: Díolacháin, Doiciméid Ghnó agus Leabharchoimeád**

**(A)** (i) Áirítear le **dhá** chúis le custaiméirí a choinneáil sásta:

| | **Cúiseanna** | **Marc** |
|---|---|---|
| **1** | Fanfaidh na custaiméirí dílis | *2* |
| **2** | Déanfar níos lú gearán | *2* |

(ii)

| **Plé le gearáin ó chustaiméirí** | **Marc** |
|---|---|
| Ba cheart dó ghnó imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a chustaiméirí agus ansin Cinneadh a dhéanamh | *3* |

**(B)**

(i)

| | **Nósanna Imeachta a úsáidtear agus Ráiteas Cuntais á n-eisiúint** | **Marc** |
|---|---|---|
| **1** | Seiceáil go bhfuil ainm agus seoladh an cheannaí ceart | *2* |
| **2** | Seiceáil go bhfuil na sonraí / an t-áireamh cruinn | *2* |

**(B)** (ii, iii, iv) **féach ar na leathanaigh ina dhiaidh seo**

**Ceist 2: ar lean**

(B) (ii) **Comhlánú an Ráitis Chuntais**

| **RÁITEAS** | | | | **Uimh. 56** | **Marc** |
|---|---|---|---|---|---|
| **MEÁNLAE Tta, 10 Sráid an Droichid, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí** | | | | | |
| **Do:** *PM Tta, 20 Bóthar na gCloch, Teamhair, Co. Uíbh Fhailí* | | | **Teil.** 057 93927101<br>**Cláruimhir CBL**. IE 55365<br>**Uimhir Chuntais** 3345<br>**Dáta:** *31/5/2013* | | *2*<br>*1* |
| **DÁTA** | **SONRAÍ** | **DOCHAR €** | **SOCHAR €** | **IARMHÉID €** | |
| *1/5/2013* | *Iarmhéid* | | | *1,200* | *1* |
| *3/5/2013* | *Sonrasc Uimh. 23* | *21,525* | | *22,725* | *1+1* |
| *10/5/2013* | *Nóta Creidmheasa Uimh. 5* | | *4,551* | *18,174* | *1+1* |
| *29/5/2013* | *Seic Uimh. 345* | | *12,000* | *6,174* | *1+2* |
| 1 | 2 | | | Méid Dlite | *14m* |

(B) (iii) **Comhlánú Seic agus Comhdhuille**

| | | | | *Marc* |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | *29/5/2013* | **Banc na hÉireann, Teamhair, Co. Uíbh Fhailí** | 90-17-77 | *1* |
| Do | MEÁNLAE Tta | | Dáta *29/5/2013* | *1+1* |
| Iarmhéid | €10,000 | Íoc *MEÁNLAE Tta* | nó ordaigh | *1* |
| An Seic seo | €12,000 | *Dhá mhíle dhéag euro* | *€12,000* | *1+1+1* |
| Iarmhéid Nua | € (2,000) | | PÓILÍN NÍ MHUIRÍOSA<br>Póilín Ní Mhuiríosa | *1+1* |
| | | | | |
| 00345 | | **00345 90-17-77** | **34346213** | ***9m*** |

**Ceist 2: ar lean**

(B) (iv)

**Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim PM Tta**

| **Dáta** | **Sonraí** | **Uimh. Seic** | **F** | **Banc €** | **Creidiúnaí €** | **Marc** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| *29/5/2013* | *MEÁNLAE Tta* | *345* | *FR* | *12,000* | *12,000* | |
| *1* | *1* | *1* | *1* | *1* | *1* | ***6m*** |

**Achoimre ar Mharcanna**

| **(A)** | **(B)** (i) | **Ráiteas** | **Seic agus Comhdhuille** | **Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|
| 7 | 4 | 14 | 9 | 6 | 40 |

**Ceist 3: Measúnú Gnó agus Árachas Gnó**

**(A)** (i)

| **Ceannteideal** | **Feidhmíocht** | | **Marc** |
|---|---|---|---|
| **Corrlach Glan** | Méadú 3% ó 2011. | Sásúil. | *3* |
| **Cóimheas Reatha** | Laghdú 1.2 ó 2011. | Mí-shásúil | *3* |
| **Ráta Láimhdeachas Stoic** | Méadú 6 oiread ó 2011. | Sásúil | *3* |

(ii) **Feidhmíocht Mhí-Shásúil a Fheabhsú**

| **Ceannteideal** | **Feidhmíocht a fheabhsú** | **Marc** |
|---|---|---|
| Cóimheas Reatha | Tuilleadh airgead tirim a lóisteáil i gCuntas Bainc ITH Tta | *3* |

(iii) **Sásta leis an Toradh ar Chaipiteal in Úsáid**

| **Cúiseanna** | **Freagra** | **Marc** |
|---|---|---|
| | Ní bheinn | *2* |
| Cúis 1 | Tá an toradh 4.5% níos lú ná an toradh 6.5% atá ar fáil ar Chuntas Taisce Bainc | *2* |
| Cúis 2 | B'ionann an toradh don dá bhliain | *2* |

**(B)** (i) **Ainm an árachais atá riachtanach de réir an dlí**

| **Freagra** | **Marc** |
|---|---|
| Árachas Gluaisteáin | *3* |

(ii) **Trí shaghas eile árachais a d'fhéadfadh ITH Tta a cheannach**

| **Saghas** | **Cúis** | **Marc** |
|---|---|---|
| **Goid Earraí/Trealaimh** | Ar eagla go ngoidfí stoc agus trealamh. | ***1***+*2* |
| **Dliteanas Fostóra** | Ar eagla go ngortófaí fostaithe agus iad i mbun oibre | ***1***+*2* |
| **Dliteanas i leith táirgí** | Ar eagla go ndéanfadh na hearraí/seirbhísí a dhíoltar dochar do chustaiméirí | ***1***+*2* |

(iii) **Ríomh an Chúitimh**

| **Foirmle** | **Obair** | **Méid an Chúitimh** | **Marc** |
|---|---|---|---|
| $\frac{\text{Méid árachaithe} \times \text{Damáiste}}{\text{Luach na bhFoirgneamh}}$ | $\frac{€240{,}000 \times €40{,}000}{€300{,}000}$ | €32,000 | *5* |
| **Míniú ar an bhfreagra** | Bhí tearc-árachas €60,000 ar na foirgnimh agus laghdaíodh an cúiteamh dá réir. | | *5* |

**Achoimre ar Mharcanna**

| Roinn na gCeisteanna | Marc | Marc |
|---|---|---|
| **A** (i) | 6 | 18 |
| **A** (ii) | 6 | |
| **A** (iii) | 6 | |
| **B** (i) | 3 | 22 |
| **B** (ii) | 9 | |
| **B** (iii) | 10 | |
| **Iomlán** | **40 marc** | |

**Ceist 4: Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe**

**(A)**

| 1½ | | + 1 | | + 1½ | Marc |
|---|---|---|---|---|---|
| **Cuntas Trádála, Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais** | | **BARR Tta** | **don bhliain dar chríoch 31/12/2012** | | |
| | | € | **€** | € | |
| | Díolacháin | | | 310,000 | *½* |
| | **Lúide Costas Díolachán** | | | | |
| 1/1/2012 | Stoc Tosaigh | | 10,000 | | *½* |
| | Ceannacháin | | 104,000 | | *½* |
| | Carraeireacht Isteach | | 6,000 | | *½* |
| | Costas Earraí ar fáil le Díol | | 120,000 | | |
| 31/12/2012 | Lúide Stoc Deiridh | | 12,000 | 108,000 | *½+**0*** |
| | **OLLBHRABÚS** | | | **202,000** | *2 (**1**+1)* |
| | **Móide Gnóthachain** | | | | |
| | Coimisiún Infhaighte | | 8,000 | | *½* |
| | Móide Coimisiún Infhaighte dlite | | 1,400 | 9,400 | *½+½* |
| | | | | 211,400 | ***0*** |
| | **Lúide Speansais** | | | | |
| | Fógraíocht | 16,000 | | | *½* |
| | Móide fógraíocht dlite | 4,000 | 20,000 | | *½ + ½* |
| | Árachas | 10,700 | | | *½* |
| | Lúide árachas réamhíoctha | 1,300 | 9,400 | | *½+½* |
| | Pá | | 67,000 | | *½* |
| | Dímheas: Foirgnimh | 9,500 | | | *½* |
| | Innealra | 24,000 | 33,500 | 129,900 | *½+½+**0*** |
| | **GLANBHRABÚS** | | | **81,500** | *3 (**1**+2)* |
| | Lúide Díbhinní íoctha | | | 33,300 | *½* |
| | | | | 48,200 | ***0*** |
| | Móide Cúlchiste Tosaigh | | | 60,000 | *1* |
| | **CÚLCHISTE** | | | **108,200** | ***0*** |
| | | | | | **19½m** |

**Ceist 4: (A) ar lean.**

| *½* | *1* | *½* | | Marc |
|---|---|---|---|---|
| **Clár Comhardaithe** | **BARR Tta** | **ar an 31/12/2012** | | |
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | **€ Costas** | **€ Dímheas** | **€ Glanluach de réir na Leabhar** | |
| Foirgnimh | 380,000 | 9,500 | 370,500 | *½+½+½* |
| Innealra | 160,000 | 24,000 | 136,000 | *½+½+½* |
| **Sócmhainní Seasta Iomlána** | 540,000 | 33,500 | 506,500 | *½+½+½* |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | | |
| Stoc Deiridh | 12,000 | | | *½* |
| Féichiúnaithe | 15,000 | | | *½* |
| Airgead | 3,000 | | | *½* |
| Coimisiún Infhaighte dlite | 1,400 | | | *½* |
| Árachas réamhíoctha | 1,300 | 32,700 | | *½+**0*** |
| **Lúide FIACHAIS REATHA** | | | | |
| Rótharraingt bhainc | 10,000 | | | *½* |
| Creidiúnaithe | 17,000 | | | *½* |
| Fógraíocht dlite | 4,000 | 31,000 | | *½+**0*** |
| **CAIPITEAL OIBRE** | | | 1,700 | ***0*** |
| **GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA** | | | **508,200** | *½* |
| **MAOINITHE AG** | **ÚDARAITHE** | **EISITHE** | | |
| 450,000 Gnáthscair ar €1 | 450,000 | 370,00<br>0 | | *1+1* |
| Móide Cúlchiste | | 108,20<br>0 | | *½* |
| **Móide Fiachais Fhadtréimhseacha** | | | | |
| Iasacht 30 bliain | | 30,000 | | *½* |
| **CAIPITEAL IN ÚSÁID** | | | **508,200** | *½* |
| | | | | ***14½*** |

**(B)**

| An méid Airgeadais is féidir a fháil | **Marc** |
|---|---|
| €80,000 | *5* |

**Achoimre ar Mharcanna**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (A) | **Cuntas Trádála, Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais**<br>**Clár Comhardaithe**<br>**Cur i láthair** | **19½**<br>**14½**<br>**1** | **35** | **Iomlán**<br><br>**40 marc** |
| **(B)** | **Freagra Ceart** | | **5** | |

**Ceist 5: Cineálacha Úinéireacht Ghnó, Margaíocht agus Plean Gnó**

**(A)**

| **Cineál Úinéireachta** | **Úinéireacht** | **Dliteanas** | **Dáileadh Brabúis** | **Marc** |
|---|---|---|---|---|
| **Trádálaí Aonair** | 1 | Neamhtheoranta | Glacann an t-úinéir an brabús ar fad | *2+2+2* |
| **Cuideachta Phríobháideach Theoranta** | 1 go 99 | Teoranta leis an méid a infheistíodh | Díbhinn idir scairshealbhóirí | *2+2+2* |

**5 (B) Obair**

(i)

| **Praghas Díola** | **Obair** |
|---|---|
| **€7,150** | €5,500 + €1,650 (30% de €5,500) |

(ii)

| **Méid na hIasachta Airgeadais** | **Obair** |
|---|---|
| **€250,000** | **€750,000 lúide €300,000 (3 @ €100,000) + Deontas €200,000** |

**Féach ar an gcéad leathanach eile le haghaidh Plean Gnó comhlánaithe**

**Ceist 5: ar lean**

**PLEAN GNÓ**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| SONRAÍ CUIDEACHTA<br>Ainm na Cuideachta | ***PAT Tta*** | | | *Marc*<br><br>*1* |
| Seoladh na Cuideachta | ***Caolsráid an Phoill, Luimneach*** | | | |
| Stiúrthóirí | ***(i)*** *Pól Ó Broin* | **(ii)** *Áine Nic Ghabhann* | **(iii)** *Antóin Ó Ceallaigh* | *1+1+1* |
| Bainisteoir Margaíochta | *Pól Ó Broin* | | | |
| Bainisteoir Airgeadais | *Áine Nic Ghabhann* | | | *1* |
| Bainisteoir Táirgíochta | *Antóin Ó Ceallaigh* | | | *1* |
| Banc na Cuideachta | *AIB* | | | *1* |
| TÁIRGE<br>Sonraí | *Tithe a iarfheistiú chun cailliúint teasa a laghdú* | | | *1* |
| TAIGHDE MARGAIDH<br>Méid an Spriocmhargaidh | *600,000 teaghlach* | | | *1* |
| Príomhiomaitheoirí | (i) ***FANTE Tta*** | (ii) ***LEANTEAS Tta*** | | ***1+1*** |
| Praghas Díola gach tí | €7,150 | | | *3* |
| CUR CHUN CHINN DÍOLACHÁN<br>Trí Mhodh | **(i)** *Fógraíocht ar an teilifís* | | | *1* |
| | **(ii)** *Scaipeadh Bileog* | | | *1* |
| Oiriúnacha | **(iii)** *Freastal ar Thaispeántais Tithe Idéalacha* | | | *1* |
| AIRGEADAS<br>Méid Iomlán ag Teastáil | *€ 750,000* | | | *1* |
| An Méid Airgid ar Fáil | *€ 500,000* | | | *2* |
| Méid na hIasachta Airgeadais | *€ 250,000* | | | *2* |
| SÍNITHE NA STIÚRTHÓIRÍ | **(i)** *Pól Ó Broin* | **(ii)** *Áine Nic Ghabhann* | **(iii)** *Antóin Ó Ceallaigh* | *1+1+1* |
| **DÁTA** | *11/6/2013* | | | *1* |
| | | | | **28** |

**Achoimre ar Mharcanna**

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **12** | **Iomlán** |
| **(B)** | **28** | **40 marc** |

**Ceist 6: Costas Seachadta agus Fostóir**

**(A) Costas Iompair le haghaidh lá amháin**

| Roinn | Freagra | Marc |
|---|---|---|
| **(A)** (i) **Costas Díosail (2 mharc)** | **€32.94<br>(3 mharc)** | *5* |
| (A) (ii) **Costas Oibre (2 mharc)** | **€250.20<br>(4 mharc)** | *6* |
| (A) (iii) **Costais Bhliantúla (2 mharc)** | **€24<br>(4 mharc)** | *6* |
| (A) (iv) **Costais Iomlána ara n-áirítear an Dola (2 mharc)** | **€337.14<br>(3 mharc)** | *5* |
| | **Marcanna Iomlána** | ***22*** |

(B) **Dhá** shlí arbh fhéidir costais seachadta a laghdú

| Áirítear le **dhá shlí arbh fhéidir costais seachadta a laghdú**: | **Marc** |
|---|---|
| Bóithre/droichid/tolláin dola a sheachaint chun costais dola a laghdú. | *3* |
| Athrú ó leoraithe díosail go leoraithe leictreacha/hibrideacha. | *3* |

**(C)** (i)

| Áirítear le **dhá cheart a bhaineann le fostóirí:** | **Marc** |
|---|---|
| Cinneadh a dhéanamh ar aidhmeanna an ghnó / gnó a bhunú | *3* |
| Fostaithe oiriúnacha a roghnú | *3* |

(ii)

| Áirítear le **dhá chúram a bhaineann le fostóirí:** | **Marc** |
|---|---|
| Géilleadh do gach dlí saothair | *3* |
| Coinníollacha oibre atá sábháilte agus sláintiúil a sholáthar | *3* |

**Achoimre ar Mharcanna**

| A | B | C | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **22** | **6** | **12** | **40** |